**Mion-trasnáil i gcomhair freagra i scríbhinn K-000002/17**
**ar an gCoimisiún (Leas-Uachtarán / Ardionadaí)**
Rule 130a
**Marietje Schaake, Sophia in 't Veld, Ana Gomes, Angelika Mlinar, Martina Anderson, Matt Carthy, Liadh Ní Riada, Lynn Boylan, Jordi Solé, Merja Kyllönen, Jean-Marie Cavada, María Teresa Giménez Barbat, Takis Hadjigeorgiou, Judith Sargentini, Norica Nicolai, Javier Nart, Pavel Telička, Hilde Vautmans, Petras Auštrevičius, Izaskun Bilbao Barandica, Stefan Eck, Nessa Childers, Nikolay Barekov, Julie Ward, Bronis Ropė, Jude Kirton-Darling, Lars Adaktusson, Ivo Vajgl, Carolina Punset, Birgit Sippel, Luke Ming Flanagan, Jytte Guteland, Barbara Lochbihler, Marian Harkin, Kati Piri, Tunne Kelam, Liliana Rodrigues, Klaus Buchner, Eva Joly, Urmas Paet, Michel Reimon, Pier Antonio Panzeri**

Ábhar: VP/HR - Tosaíochtaí Comhpháirtíochta idir AE agus an Éigipt a thabhairt i gcrích

Tar éis na buamála uafásaí a rinneadh ar dhá eaglais Choptacha san Éigipt dhá sheachtain ó shin, d'fhógair an tUachtarán Sisi staid éigeandála trí mhí. Is forleathan cheana féin cumhachtaí treallúsacha na bpóilíní agus an chórais slándála ó tháinig an tUachtarán Sisi i gcumhacht in 2013, ach is dócha anois go n-éireoidh siad níos treallúsaí fós. Cé gur dócha go mbeidh feachtas géar an Uachtaráin Sisi i gcoinne na sochaí sibhialta agus an ghéarleanúint ar chosantóirí chearta an duine ag leanúint ar aghaidh, nó ag dul in olcas fiú, tá sé beartaithe ag an Aontas tosaíochtaí comhpháirtíochta leis an Éigipt a thabhairt chun críche roimh an samhradh.

Cén tionchar a mheasann an Leas-Uachtarán/Ardionadaí a bheidh ag an staid éigeandála ar chur faoi chois leanúnach a bheith á dhéanamh ar bhunphrionsabal, ar shaoirsí agus ar chearta an duine i sochaí shibhialta na hÉigipte?

Cén tionchar a bheidh ag na sáruithe leanúnacha ar chearta an duine ar thabhairt i gcrích na dTosaíochtaí Comhpháirtíochta idir AE agus an Éigipt? Cén chaoi a ráthóidh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí go bhfuil tús áite tugtha do chearta an duine ar an mbainistiú imirce agus ar an bhfrithsceimhlitheoireacht sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta seo idir AE agus an Éigipt?

Ní dhearnadh oiread agus tagairt amháin do chearta an duine sna conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir leis an Éigipt an 6 Márta 2017. Cén uair dheireanach a phléigh an Leas-Uachtarán/Ardionadaí í féin cearta an duine ina cuid déileálacha le húdaráis na hÉigipte?